
# Na Laethanta Saoire



Gach bliain faigheann Daidí **carbhán ar cíos.** Ansin téann an chlann ar fad ar saoire cois farraige. Bíonn ullmhúchán ar siúl ar feadh cúpla lá roimh ré. Cuireann siad an **fearas** go léir isteach sa charbhán. Téann siad go dtí **láthair carbhán** cois farraige. Nuair a shroicheann siad an láthair socraíonn Daidí an carbhán. Ansin ullmhaíonn Mamaí béile ar an **sorn gáis.** Má bhíonn an aimsir go breá itheann siad na béilí amuigh faoin spéir. Taitníonn sé sin go mór leis na páistí. Bíonn na páistí ag súgradh ar an trá gach lá. Tógann siad caisleáin sa ghaineamh le **buicéad** agus **spáid.** Téann Liam agus Úna ag snámh mar **tá snámh acu.** Bíonn eagla ar Nuala roimh an **sáile** ach téann sí ag **lapadáil** leis na páistí óga. Uaireanta tugann Daidí na páistí **ag dreapadóireacht** ar na sléibhte. Bíonn brón orthu go léir ag teacht abhaile.

**Foclóir:**

**carbhán,** caravan
**fearas,** equipment
**láthair carbhán,** caravan park
**sorn gáis,** gas stove
**sáile,** salt water
**lapadáil,** paddling

**Míonna an tSamhraidh** : Bealtaine, Meitheamh, Iúil.

**A. Scríobh amach an freagra ceart:**

1. Cá dtéann an chlann ar saoire gach bliain?
   — go dtí an chathair.
   — faoin tuath.
   — cois farraige.

2. Conas a ullmhaíonn Mamaí na béilí?
   — ar an tine.
   — ar an sorn gáis.
   — ar an sorn leictreach.

3. Cén fáth nach dtéann Nuala ag snámh?
   — Bíonn eagla uirthi roimh an sáile.
   — Bíonn sí breoite.
   — Ní thugann Mamaí cead di.

**B. Críochnaigh na habairtí seo a leanas:**

1. Gach bliain faigheann Daidí carbhán— — .
2. Cuireann siad an fearas go léir isteach — — .
3. Bíonn na páistí ag súgradh ar an trá — — .
4. Tógann siad caisleáin sa ghaineamh le — agus — .
5. Téann Nuala ag lapadáil leis na — — .

**C. Cuir na focail seo a leanas in abairtí:**

fearas, carbhán, turas, cois farraige, ar cíos, sáile, ag dreapadóireacht, trá.

**D. Freagair na ceisteanna seo a leanas:**

1. Cad a fhaigheann Daidí ar cíos gach bliain?
2. Cad a bhíonn ar siúl ar feadh cúpla lá roimh ré?
3. Cad a chuireann siad isteach sa charbhán?
4. Cá bhfanann siad don tsaoire?
5. Céard a dhéanann Mamaí nuair a shroicheann siad an láthair carbhán?
6. Céard a bhíonn ar siúl ag na páistí gach lá?
7. Cá dtéann na páistí ag dreapadóireacht?
8. Cá bhfios duit go dtaitníonn na laethanta saoire go mór leis na páistí?

**Gramadach 28**

1. Má bhíonn an aimsir go breá **itheann siad na béilí amuigh faoin spéir.**
   (imir/peil, déan/caisleáin, téigh/ar saoire.)
2. Tá snámh **acu.**
   (mise, tusa, eisean, ise, sinne, sibhse.)
3. Cuir **é, í, nó iad,** de réir mar is ceart, sna habairtí seo a leanas:
   (i) Is maith an fear — .
   Is álainn an bhean — .
   Is fliuch an lá — .
   Is deas an teach — .
   Is iontach na cailíní — .
   Is uafásach an duine — .
   Is milis na húlla — .
   Ní garsún — .
   Ní madra — .
   Ní bosca — .

   (ii) Is — sin an feirmeoir.
   Is — sin bean an tí.
   Is — sin mo chairde.
   Ní — sin an madra a cheannaigh mé.
   Ní — sin na bláthanna a fuair sé.